

Cén fáth go roghnófa scoil lán-Ghaeilge?

Is é an múnla oideachais a chuireann muid chun cinn ná múnla an tumoideachais, múnla ina bhfaigheann daltaí a gcuid oideachais – taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga – trí mheán na Gaeilge. Tá os cionn 53, 000 dalta ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge i láthair na huairé agus is léiriú iad ar bhuntáistí an mhúnla tumoideachais do gach uile dalta, beag beann ar leibhéal cumais, stádas socheacnamaíoch, nó ar chúlra creidimh, cultúrtha nó teanga. Seo roinnt de na buntáistí a aithnítear leis an tumoideachas.

Buntáistí Cognaíocha

Eascraíonn solúbthacht chognaíoch agus smaointeoireacht iltreóch as an tumoideachas; **éiríonn le daltaí smaoineamh ar bhealaí níos cruthaithí**, agus é ar a gcumas acu réimse réiteach/freagraí bailí a thabhairt ar fhadhb.

De bharr an tumoideachais, aithnítear smacht méadaithe ar aird agus smacht feidhmiúcháin feabhsaithe; sé sin go mbíonn **daltaí níos fearr ag tabhairt airde, bíonn siad níos fearr ag díriú ar thascanna agus á chur i gcrích, agus bíonn scileanna éisteachta agus cumarsáide níos éifeachtaí acu**. Bíonn scileanna cuimhne níos fearr acu freisin, bíonn siad níos cumasaí ag tabhairt aghaidh ar chúrsaí agus ag déanamh cinntí stuama, agus bíonn siad níos muiníní ina gcuid cinnteoireachta. **Léiríonn an taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar galar Alzheimer!**

Buntáistí Cumarsáide

Ní gá do thuismitheoirí bheith buartha nach dtuigfidh a bpáistí an múinteoir. Tacaíonn múnla an tumoideachais le sealbhú teanga an pháiste trí **rannpháirtíocht agus ionsú iomlán; ní fhágtar ar a gconlán féin iad**. Cé go labhraíonn na múinteoirí Gaeilge leis na páistí ón gcéad lá ar aghaidh, úsáideann siad comharthaíocht choirp, pictiúir agus tuin chainte le cinntiú go dtuigtear iad. Ar dtús, freagraíonn na páistí ina dteanga bhaile féin, ach foghlaimíonn siad go tapa go labhraítear Gaeilge leis an múinteoir agus lena comhscóláirí.

Bainfidh páistí nach bhfuil an Ghaeilge ná an Béarla mar ghnáth-theanga bhaile acu tairbhe as an tumoideachas agus rachaidh sé chun a leasa i dtaobh shealbhú an Bhéarla. Tá tacaíochtaí ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge do pháistí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu, díreach mar atá siad i scoileanna eile. Leis an tumoideachas, **méadaíonn cumas na ndaltaí i dteangacha eile (an Béarla san áireamh) seachas a mhalairt**. Bíonn na próisis chognaíocha chéanna i gceist le teangacha i gcoitinne; aistrítear na scileanna agus coincheapa a shealbháítear i dteanga amháin go teanga eile agus próiseáiltear iad i gceann den dá theanga óir bíonn siad ag idirghníomhú le chéile.

Caoinfhulaingt agus Féinmhuinín Mhéadaithe

Cothaíonn an tumoideachas leibhéal níos airde caoinfhulaingthe i measc páistí. Bíonn níos mó teagmhála ag na daltaí le cultúir éagsúla agus bíonn meas níos mó acu orthu, rud a spreagann **ilchultúrachas níos doimhne agus níos lú ciníochais dá réir**. Tugann an dátheangachas tuiscint níos fearr do na daltaí ar a gcuid féiniúlachta féin agus mar thoradh air sin bíonn feinmheas níos mó acu.

Buntáistí Acadúla

Faigheann páistí cur amach níos fearr ar chúrsaí meitheangeolaíochta tríd an dátheangachas. Bíonn tuiscint níos fearr acu ar bhunchlocha teanga – gramadach, bunú focal, ord abairtí – agus faigheann siad **scileanna inaistrithe a gcabhraíonn leo teangacha eile a fhoghlaim**.

Bíonn **gnóthachtáil níos airde sa Bhéarla agus sa Mhata** araon ag daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna lán-Bhéarla. Is mó seans go gcuirtear curaclam níos leithne ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge ná mar a chuirtear ar fáil i scoileanna de chineálacha eile.

Cuirtear na tacaíochtaí céanna ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna lán-Ghaeilge agus baineann siad an leas céanna as an oideachas dátheangach. Freastalaíonn scoileanna lán-Ghaeilge ar pháistí faoi mhíchumas fisiciúil agus faoi mhíchumas intleachta go rialta; daltaí le deacrachtaí radhairc agus éisteachta, neamhoird de chuid speictream an uathachais, disléisce, agus riachtanais speisialta oideachais eile. Tá cead á thabhairt do roinnt scoileanna lán-Ghaeilge aonad speisialta a oscailt le freastal ar pháistí le riachtanais bhreise. **Maítear nach ndéanann an t-oideachas dátheangach aon dochar do pháistí le riachtanais speisialta oideachais agus dearbhaítear an méid seo ina thaobh ‘Bilingual education...does no harm and clearly does contribute to social-emotional and interpersonal growth’** – Tuairisc NCSE, 2011

Tagairtí agus Acmhainní Breise

- Bunachar taighde [Gaelscoileanna Teo](#).

- [Multilingual Parenting Blog](#)
- [Psychology Today – Life as a Bilingual](#)
- [A Parents' and Teachers' Guide to Bilingualism – Colin Baker](#)
- [An Foras Pátrúnachta](#)

Baker (2003) *A Parents' and Teachers' Guide to Bilingualism*
 Bialystok & Codd (1997) *Cardinal limits: Evidence from language awareness and bilingualism for developing concepts of number*
 Bialystok et al. (2005) *Cognitive and Linguistic Processing in the Bilingual Mind*
 Ianco-Worall (1972) *Bilingualism and Cognitive Development*
 Kharkhurin (2008) *The effect of linguistic proficiency, age of second language acquisition, and length of exposure to a new cultural environment on bilinguals' divergent thinking*
 Peal & Lambert (1962) *The relation of bilingualism to intelligence*

Eolas tógtha ó <http://www.gaelscoileanna.ie>